Staidéar Measúnachta agus Bainistíochta ar an Riosca Tuile:

Comhairliúchán maidir leis an Tuairisc Raonála Comhshaoil

Tá Staidéar Measúnachta agus Bainistíochta ar an Riosca Tuile i bhFine Gall agus sa Mhí Thoir (SMB RTFGT) ar bun ag Comhairle Contae Fhine Gall, i gcomhar le Comhairle Contae na Mí agus Oifig na nOibreacha Poiblí, i bhFine Gall agus sa Mhí Thoir . Is é is cuspóir don bhileog eolais seo ná eolas a sholáthar duit i ndáil le foilsiú na Tuairisce Raonála Comhshaoil. Cuirfear an cháipéis seo ar fáil in oifigí an údaráis áitiúil agus i leabharlanna poiblí.

Cén fáth a bhfuil an staidéar ar bun?

Tá an baol ann go dtarlódh tuilte in áiteanna i bhFine Gall agus sa Mhí Thoir (féach Físor 1), agus tharla tuillte cheana féin i roinnt limistéar. Is dócha go n-éireoidh an baol seo níos measa amach anseo mar thoradh ar athrú aeráide (le báisteach agus leibhéil na farraige ag ardú) agus le huirbiú ag dul i méid.

Táthar ag dul i mbun an staidéir chun mapáil a dhéanamh ar an riosca reatha agus riosca poitéinsiúil tuillte i limistéar an staidéir ó phríomh-shruthchúrsaí, inbhir agus an fharraige, ag díriú ar limistéir uirbeacha a bhfuiltear ar an eolas a bhfuil baol tuilte iontu. Ullmhófar plean fadtéarmach, dar teideal an Plean Bainistíochta ar Riosca Tuile chun clár a aithint a thabharfaidh tosaíocht do staidéir, do bhearta agus d'oibreacha chun bainistiú a dhéanamh ar na mbaol tuile seo. Ní sé beartaithe leis na staidéar deathaí sonracha a fhorbairt do bhearta indibhidiúla bainistíochta tuile.

Measúnú Straitéiseach ar an gComhshaol (MSC) – cuid lárnach den staidéar

Is bunchuid d'fhorbairt aon phlean, chláir nó straitéise mórscála é MSC amhail an Plean Bainistíochta ar an Riosca Tuile agus éilítear é le haghaidh pleananna agus clár áirithe faoin Treoir 2001/42/CE (an Treoir MSC) ón AE chun cosaint ardleibhéil a sholáthar don chomhshaol.

Tá MSC ar bun ar fud an staidéir seo chun a chinntiú go gcuirtear san áireamh go hiomlán forbairt agus roghnú deiseanna iomchuí um bainistiú riosca tuile. Beidh tionchar ag an bpróiseas MSC ar cheapadh an Phlean deiridh Bainistíochta ar an Riosca Tuile agus cinnteoidh seo go bhfuil a mholtaí iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de.

Tá Tuairisc Raonála Comhshaoil foilsithe

Táimid faoi láthair ag deireadh na céime tosaigh raonála MSC. Foilsíodh Tuairisc Raonála ar an gComhshaol agus tá sí ar fáil anois le híoslódáil ó www.fingalmeathframs.ie, áit a bhfuil achoimre as Gaeilge ar fáil ar an tuairisc freisin.

Chomh maith leis sin tá cóip den tuairisc ar fáil le hamharc uirthi sna hionaid seo a leanas:

- Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, Sord

- Comhairle Contae Fhine Gall, Baile Bhlainséir, Bóthar an Gharráin, Baile Blainséir, B.Á.C 15
- Comhairle Contae na Mí, Halla an Chontae, An Uaimh, Co. na Mi.

Cuireann an tuairisc seo síos ar shaintréithe limistéar staidéir Fhine Gall agus na Mí Thoir, cuireann sí i láthair an tuiscint tosaigh ar na príomhcheisteanna lárnacha comhshaoil i ndáil le tuile agus bainistiú ar an tuile sin, agus sainaithnítear ann sraith de chuspóirí beartaithe MSC le haghaidh an staidéir (féach Tábla 1). Úsáidfear cuspóirí beartaithe an MSC sna chéad chéimeanna eile den staidéar chun: (1) cuir leis an eolas a úsáidfear chun deiseanna féideartha um bainistiú riosca poitéinsiúil tuile a aithint agus a fhorbairt; agus (2) meastóireacht a dhéanamh ar na deiseanna aitheanta chun an rogha deiseanna a roghnú.

Tábla 1 Cuspóirí MSC

- **Tacú le baint amach stádas maith/poitéinseal éiceolaíoch agus ceimiceach faoi Chreat-treoir Uisce an AE**
- **Íoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol ag láithreáin a bhfuil poitéinseal truaillithe iontu**
- **Cothú agus feabhsú nuair is féidir ar fhlóra agus fauna reatha limistéar an staidéir**
- **Damáiste d'iascaigh a sheachaint, agus feabhas a chur orthu, i gcás gur féidir**
- **Carachtar tírdhreacha agus conláiste radhairc limistéar an staidéir a chosaint, agus i gcás gur féidir, é a fheabhsú**
- **Íoslaghdú ar an mbaol do shaol an duine agus don bheatha**
- **Íoslaghdú ar an mbaol don phobal áitiúil**
- **Damáiste d'fhóillíocht agus do thurasóireacht a sheachaint, agus feabhas a chur orthu i gcás gur féidir é**
- **Damáiste do ghnéithe a bhfuil tábhacht oidhreachta cultúrtha ag baint leo a sheachaint, maille lena suíomh agus a luach oidhreachta i limistéar an staidéir**

Is éard atá sa Tuairisc Raonála Comhshaoil ná ráiteas i ndáil leis an tuiscint atá againn ar an staidéar ag céim luath sa tionscadal. Forbróidh sé seo de réir mar a théann an tionscadal chun cinn agus beidh tionchar ag bhur dtuairimí agus bhur n-eolas air. Fáilteofar roimh thuairimí i ndáil le raon agus ábhar na tuairisce agus bainfear úsáid astu chun eolas a sholáthar ar mbunófar forbairt an staidéir amach anseo.

Ba mhaith linn bhur moltaí a fháil i ndáil leis Tuairisc Raonála Comhshaoil ar dháta nach déanaí ná an 31 lúil 2009. Téigh i dteagmháil le Anne-Marie Conibear, Bainisteoir Tionscadail SMB RTFGT tríd an ríomhphost ag femframs@fingalcoco.ie nó tríd an bpost ag an seoladh seo a leanas:

Bainisteoir Tionscadail – SMB TFGT
f/ch Halcrow Barry, Teach Tramway,
32 Bóthar Dhartraí, B.Á.C 6.

An Chéad Chéim Eile den MSC

An chéad chéim eile den staidéar ná sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna féideartha atá ann chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca tuile. Déanfar athbhreithniú ar na cuspóirí comhshaoil a sainaithníodh le linn na céime raonála agus tabharfar iad seo chun míneadais le linn an chomhairliúcháin seo agus bainfear úsáid astu chun tástáil a dhéanamh ar inghlacthacht chomhshaoil na roghanna féideartha, mar chuid den phróiseas foriomlán chun measúnú a dhéanamh ar roghanna. Áireofar sa phróiseas seo comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí reachtúla agus an pobal i gcoitinne, chun a chinntiú go ndéanfar breithniú ar thuairimí agus ar riachtanais gach páirtí.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na roghanna agus ullmhú an Phlean Bainistíochta ar Riosca Tuile déanfar tuairisc ar leithligh a ullmhú chun taifead a choinneáil den Phróiseas MSC – Tuairisc Chomhshaoil. Cuirfidh an tuairisc seo leis an eolas a chuirtear i láthair sa Tuairisc Raonála Comhshaoil agus déanfar sainaithint, cur síos agus measúnú ann ar na tionchair dhóchúla shuntasacha ar an gcomhshaol a bheidh ag an bPlean Bainistíochta ar an gComhshaol. Foilseofar an tuairisc seo i gcomhthráth leis an bleán Bainistíochta ar Riosca Tuile go déanach sa bhliain 2010 agus cuirfear fáilte roimh thuairimí i ndáil leis an dá thuairisc.